

EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ

→ Bunscolaíocht → Measúnú → Cártaí Tuairisce

Tuairisc scoile do pháiste

Ag deireadh na scoilbhliana gheobhaidh tú tuairisc scríofa ón scoil ina bhfuil do pháiste. Beidh eolas sa tuairisc ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil do pháiste ar scoil i gceithre phríomhréimse:

A. Do pháiste mar fhoghlaiméoir

C. Mar a fhoghlaimíonn do pháiste i ngach gné den churaclam

B. Forás sóisialta agus pearsanta do pháiste

D. Do phríomhról mar thuismitheoir i dtacú le foghlaim do pháiste.

D'fhéadfaí eolas ar na nithe seo a leanas a chur sa tuairisc:

Do pháiste mar fhoghlaiméoir

- mar a thaitníonn an fhoghlaim ar scoil le do pháiste
- mar a oibríonn do pháiste le páistí eile nó ina (h)aonar
- mar a choinníonn do pháiste leis an obair, fiú nuair a bhíonn an obair dheacair
- cé chomh cúramach is a oibríonn do pháiste ar scoil nó sa bhaile

Forás sóisialta agus pearsanta do pháiste

- má tá cuma shona ar do pháiste ar scoil
- an chaoi a n-iompraíonn do pháiste í/é féin
- an chaoi a réitíonn do pháiste le páistí eile sa seomra ranga agus sa chlós

Foghlaim do pháiste trasna an churaclaim

- mar atá ag éirí le do pháiste sa Bhéarla, sa Mhataimic, sa Ghaeilge agus sna hábhair eile
- cé acu an dteastaíonn beagán cabhrach nó mórán cabhrach uaithi/uidh le hobair scoile
- cé acu an dteastaíonn beagán cabhrach nó mórán cabhrach uaithi/uidh le hobair bhaile

Is féidir leat féachaint ar DVD faoi fhoghlaim pháistí sna bunscoileanna ar www.ncca.ie



Conas cur leis an tacaíocht a thugann tú do do pháiste ina c(h)uid foghlama

- mar a d'fhéadfaí cabhrú le do pháiste a bheith níos fearr ar scoil
 - faoin gcaoi a d'fhéadfaí cabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile
- Chun bileog eolais a fháil ar conas is féidir leat cabhrú le foghlaim do pháiste, féach ar shuíomh idirlín an CNCM ag www.ncca.ie



Torthaí trialacha caighdeánaithe

- toradh trialach caighdeánaithe, a bheidh i bhfoirm uimhreach. Beidh ar scoileanna toradh na trialach caighdeánaithe a chur ar fáil duit nuair atá do pháiste i rang 2, rang 4 agus rang 6.
- Ba chóir do mhúinteoir do pháiste bileog a sholáthar duit a mhíneoidh tástáil chaighdeánaithe agus triailscóir duit.

Chun bileog eolais faoi thrialacha caighdeánaithe do thuismitheoirí a fháil, féach ar shuíomh idirlín an CNCM ag www.ncca.ie

Nótaí tráchta

- faoi mar atá ag éirí leis an bpáiste, i dtuairim an mhúinteora
- ráiteas ar ghné éigin den tuairisc nó gné éigin ar mhaith leis an múinteoir a phlé leat
- moladh ar leith i dtaobh rud éigin ar leith a ghnóthaigh do pháiste nó i dtaobh tréith ar leith dá c(h)uid

EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ

Míniú ar théarmaí a d'fhéadfaí a úsáid i dtuairisc scoile do pháiste

Béarla agus Gaeilge

Tuiscint ó chluas – an cumas an méid a deir daoine eile a thuiscint.

Cur in iúl ó bhéal – an cumas labhairt le daoine eile ar shlí shoiléir éifeachtach.

Réamhscríbhneoireacht – na scileanna a theastaíonn chun tosú ag scríobh ina (h)aonar. Mar shampla, greim ar an bpeann luaidhe, litreacha na haibítire a dhéanamh agus a ainmniú, a fhoghlaim go seasann litreacha d'fhuaimneanna srl.

Réamhléitheoireacht – na scileanna a theastaíonn chun tosú ag léamh ina (h)aonar. Mar shampla, tuiscint a fháil ar fhuaimneanna na litreacha, an tuiscint go scríobhtar focail agus abairtí ó chlé, an tuiscint gur féidir ciall bhreise a bhaint as pictiúr i dtéacs srl.

Cur in iúl scríofa – an cumas brí a chur in iúl i bhfoirm scríofa agus cuspóir a bhaint amach leis.

Matamaitic

Tuiscint agus athchuidhne – an cumas coincheap matamaiticiúil a thuiscint agus fíricí tábhachtacha a thabhairt chun cuimhne.

Úsáid modhanna oibre – an cumas úsáid a bhaint as céimeanna soiléire cuí chun suim a dhéanamh nó fadhb mhatamaiticiúil a fhuascailt.

Réasúnaíocht agus fadhbréiteach – an cumas úsáid a bhaint as eolas ar an matamaitic chun fadhbanna a fhuascailt.

Miniú agus cur in iúl – an cumas smaointe a roinnt le daoine eile i dtaobh na slí ar tugadh faoi fhadhb a fhuascailt.